Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Aighneacht ag freagairt don chomhairliúchán ar *Céim*

Márta 2026

## Soláthar múinteoirí

Tá sé aitheanta sa taighde nach bhfuil an córas mar atá ag freastal ar riachtanais na hearnála tumoideachais. Tá easpa áiteanna ar fáil sna coláistí oiliúna a ullmhaíonn múinteoirí don suíomh tumoideachais. Níl soláthar Oiliúint Tosaigh Mhúinteoirí leordhóthanach ann ó thaobh líon agus lonnaíochta na gclár go náisiúnta.

> Tá gá le líon na múinteoirí atá cáilithe le teagasc ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile trí Ghaeilge a ardú. Níl an soláthar ag freastal ar an éileamh san earnáil seo faoi láthair. (Ó Grádaigh et al. 2023)

Tá beartais molta sa taighde le dul i ngleic leis na dúshláin:

- Tá gá le **feachtas bolscaireachta le níos mó céimithe a mhealladh** i dtreo na gcúrsaí iarchéime a bhaineann le teagasc i scoileanna lán-Ghaeilge agus i dtreo na múinteoireachta trí Ghaeilge i gcoitinne. (Ó Grádaigh et al. 2023)
- Tá géarghá le tuilleadh céimithe i mórán chuile ábhar feadh an churaclaim tabhairt faoi cúrsaí iarchéime a bhaineann le teagasc i scoileanna lán-Ghaeilge le freastal ar an earnáil Ghaeloideachais. (Ó Grádaigh et al. 2023)
- Tá gá le **dreasachtaí a thabhairt dóibh siúd atá oilte le teagasc trí Ghaeilge**, len'iad a mhealladh agus a choinneáil san earnáil Ghaeloideachais. Moltar go láidir athbhreithniú a dhéanamh ar athnuachan an liúntais do mhúinteoirí a dhéanann teagasc trí Ghaeilge. (Ó Grádaigh et al. 2023)
- Ba chóir **tacaíochtaí sonracha a thabhairt do mhúinteoirí atá sásta tabhairt faoi theagasc trí Ghaeilge** maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach. (Ó Grádaigh et al. 2023)
- Ní mór **modúl a chur ar fáil ar an Teagasc trí Ghaeilge ar gach clár PME** (Professional Master in Education) go náisiúnta, dóibh siúd gur spéis leo teagasc i suíomh lán-Ghaeilge. (Ó Grádaigh et al. 2023)

Agus aghaidh á tabhairt ar cheist an tsoláthair ó thaobh líon agus caighdeán Gaeilge mhúinteoirí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal atá oilte don chóras, d'aithin an Rialtas an gá a bhain le réiteach sistéimeach ar cheist an tsoláthair mhúinteoirí.

> *Chun cuidiú tuilleadh le Cuspóir 5 agus Cuspóir 6 de Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006 a bhaint amach, bunófar Ionad Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge in institiúid oideachais atá ann cheana féin. Is ionad barr feabhais a bheidh ann a thabharfaidh cúnamh agus comhairle do na Coláistí Oideachais agus iad ag ullmhú múinteoirí don timthriall iomlán sna scoileanna ina ndéanfar an teagasc trí mheán na Gaeilge trí chomhchomhairle, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, cláir oiliúna chreidiúnaithe agus forbairt acmhainní. Oibreoidh an tIonad Náisiúnta i gcomhar leis na Coláistí Oideachais agus spreagfar soghluaiseacht na bhfoirne gairmiúla idir na córais agus na soláthróirí oideachais ar fad agus an tIonad Náisiúnta. Beidh cáilíocht ghairmiúil ar fáil do na múinteoirí bunscoileanna agus meánscoileanna ar fad le tacú leo le teagasc a*

*dhéanamh i scoileanna a dhéanann teagasc trí mheán na Gaeilge (An Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, Lch. 14).*

Molann Gaeloideachas:

- go mbreathnófar ar Ionad Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge a bhunú mar a bhí geallta sa Stráitéis 20 bliain don Ghaeilge.
- go ndéanfaí comhordú ar na soláthróirí oideachais tosaigh uile chun dea-chleachtas agus ardchaighdeáin a aithint agus a bhuanú trasna na hearnála san agus ábhair múinteoirí á n-ullmhú don ghairm.
- go mbeadh aonán Stáit ag aithint agus ag cinntiú na gcaighdeán cuí trí chóras oiliúna creidiúnaithe sna coláistí dírithe ar oiliúint tosaigh mhúinteoirí, agus na caighdeáin fágála, chomh maith leis an riachtanas a bhaineann le forbairt ghairmiúil chuí mar a bhaineann leis an gcóras tumoideachais.
- go bhforbrófar cáilíocht bhreise tharraingteach, mar a gealladh sa Straitéis 20 Bliain, do dhaoine ar mian leo oibriú i scoileanna a dhéanann teagasc trí Ghaeilge agus a d'fheidhmeodh mar threoir úsáideach a d'fhostóirí go bhfuil an inniúlacht riachtanach teanga ag iarrthóirí
- breis deiseanna oiliúna do mhúinteoirí ar dhea-chleachtais agus ardú feasachta maidir le sealbhú teangacha i gcoitinne – rud a bheadh ina bhuntáiste do theagasc gach teanga mar chuid den churaclam.
- níos mó deiseanna ar chúrsaí oiliúna do mhúinteoirí maidir leis an FCÁT agus na buntáistí teanga agus cúltúrtha a bhaineann leis an gcur chuige i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.
- d'ábhar oidí a thagann isteach sa chóras gan Ghaeilge nó a cháiligh thar lear, ní mór gach tacaíocht a chur ar fáil dóibh an teanga a shealbhú agus nach mbeadh aon chostas orthu ina leith

Chun dul i mbun teagaisc in iar-bhunscoil phríomhshrutha, is gá céim in ábhar curaclaim a bhaint amach mar aon le cáilíocht san oiliúint tosaigh múinteoirí. Chun teagasc in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, níl sé riachtanach go mbeadh aon cháilíocht sa bhreis ag an múinteoir sa Ghaeilge ná sa teangeolaíocht. Mar thoradh, tarlaíonn sé go mbíonn ar ghaelcholáistí agus ar iar-bhunscoileanna Gaeltachta múinteoirí a fhostú nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, ná nach bhfuil oiliúint curtha orthu ar theagasc trí mheán an dara teanga. De réir na litríochta, bíonn deacrachtaí ag gaelcholáistí teacht ar mhúinteoirí ábhair atá cumasach nó sásta múineadh trí mheán na Gaeilge (Mac Donnacha et al., 2014; Máirtín, 2006; Ó Grádaigh, 2015 in Ó Ceallaigh et al. 2019).

## Múineadh na Gaeilge

Tá sé sonraithe in Céim go bhfuil gá le muinín agus inniúlachtaí múinteoirí sa Ghaeilge a fhorbairt, labhairt na Gaeilge san áireamh, le gur féidir leo curaclam teanga na bunscoile a theagasc.

Le blianta beaga anuas, áfach, tá imní léirithe i dTuarascálacha an Phríomh-Chigire mar a bhaineann le heispéireas agus torthaí foghlama scoláirí i leith na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. I dTuarascáil 2024, leagadh béim ar an easpa muiníne atá i measc go leor múinteoirí agus iad ag úsáid na Gaeilge.

Tugtar le fios sa Tuarascáil chéanna go léiríonn an taighde go bhfuil dlúthbhaint dhearfach idir inniúlacht teanga an mhúinteora lena gcumas agus sástacht i leith an teanga a mhúineadh, mar aon le hábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge, rud a théann i bhfeidhm ar thorthaí foghlama na bpáistí ansin.

"Nuair a bhíonn inniúlacht níos airde ag múinteoirí sa teanga, bíonn cumas níos fearr acu ceachtanna a theagasc go héifeachtach, seomraí ranga a bhainistiú, agus leanaí a spreagadh go rathúil i bhfoghlaim teanga" (Tuarascáil na Cigireachta (2024) agus Athbhreithniú Téamach).

"Léirigh múinteoirí ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge labhartha i ní ba lú ná leath de na ceachtanna a breathnaíodh le linn meastóireachtaí curaclaim."

Is léir go bhfuil géarghá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcuid seo de Chaighdeáin Céim agus breis ama a chaitheamh ar fhorbairt inniúlachtaí teanga na múinteoirí faoi oiliúint le nach mbeidh leibhéil éagsúla inniúlachta Gaeilge ann i measc múinteoirí agus go mbeidh múinteoirí níos muiníne ina gcumas teanga féin.

## Ionchuimsitheacht

Leis an éagsúlacht mhéadaitheach atá ann ó thaobh teangacha de i seomraí ranga, tá deis luachmhar ann cur leis an léirthuiscint atá ag leanaí do theanga, d'fhéiniúlacht agus do chultúr. Tá, áfach, tionchar díreach ar chóras reatha na ndíolúintí ar éagsúlacht i measc an phobail múinteoirí sa tír seo. Nuair a bhronntar díolúine ar scoláirí ón nGaeilge, cruthaítear bac dóibh dul isteach sa mhúinteoireacht bhunscoile trí na gnáth chonair oiliúna tosaigh atá ar fáil.

Tá géarghá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chóras reatha na ndíolúintí Gaeilge, le cinntiú go bhfuil éagsúlacht i measc an phobail múinteoirí atá ag múineadh inár gcuid scoileanna. Ní thagann córas na ndíolúintí leis an taighde ná an dea-chleachtas idirnáisiúnta mar a bhaineann le hoideachas ionchuimsitheach agus difreáil teagaisc.

Spreagann prionsabail na hionchuimsitheachta deis a chur ar fáil do gach foghlaimeoir buntáiste a bhaint as foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga trí bheith i dteagmháil leis an teanga ag leibhéal a oireann dá gcumas agus dá gcuid riachtanas. Dá bharr, molann Gaeloideachas go ndíreofar níos mine ar na nithe seo a leanas mar chuid de na cláir oiliúna tosaigh do mhúinteoirí:

- prionsabal na difreála agus socruithe difreáilte curaclaim mar a bhaineann le foghlaim na Gaeilge do **gach** scoláire
- oideolaíocht agus measúnú chun foghlaim na Gaeilge a éascú do gach scoláire, iad siúd ag a bhfuil sainriachtanais oideachais agus iad siúd a tháinig ón iasacht san áireamh.

An toradh a bheifeá ag súil leis uaidh seo ná go mbeadh saintuiscint ag gach múinteoir ar chur chuige uilechuimsitheach a fhreastalódh ar raon leathan cumais i measc daltaí, agus a chinnteodh fonn agus spreagadh an dalta ina t(h)uras foghlama féin i leith na teanga.

Aithnítear go bhfuil "bonn eolais agus tacar de shainscileanna oideolaíochta ar leith" riachtanach do mhúinteoirí atá ag obair i suíomh lán-Ghaeilge nó Gaeltachta agus go bhfuil siad seo "difriúil lena mbíonn de dhíth sa teagasc thraidisiúnta ábhair nó teanga" (Nig Uidhir & Ó Ceallaigh 2025).

I dtaighde Ní Chlochasaigh, Shiel & Ó Duibhir (2020), bhraith múinteoirí "nár cuireadh oiliúint orthu a bheith ag plé le scoileanna i gceantair a bhí faoi mhíbhuntáiste" agus go raibh easpa treorach faighte acu maidir leis an tumoideachas agus an suíomh DEIS.

Tá breis traenalá riachtanach le gur féidir le múinteoirí oideachas den scoth ar ardchaighdeán a chur ar fáil do pháistí agus dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu agus a bheith muiníneach as a gcuid cleachtas.

Ina measc, teastaíonn cúrsaí réamhoiliúna, cúrsaí fochéime agus iarchéime, mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach a bhaineann le hoideachas ionchuimsitheach sa suíomh lán-Ghaeilge. Moltaí Gaeloideachas le cinntiú go gcuirtear oideachas trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do pháistí a bhfuil RBO acu ná:

- Is gá clár oiliúna a sholáthar go sonrach do speisialtóirí RBO sa chóras tumoideachais. Ní mór clár oiliúna (réamhoiliúint) a chur ar fáil go forleathan a ullmhaíonn múinteoirí le bheith ina

speisialtóirí RBO sa chóras tumoideachais (sainchúrsa fochéime, B.Oid, módúil éigeantacha sna coláistí oiliúna, etc.)

- Ar gach cúrsa oiliúna do mhúinteoirí, ba cheart feasacht a ardú faoi na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge do gach foghlaimeoir agus faoin gcaoi a dtacaíonn an tumoideachas le páistí a bhfuil RBO acu
- Ní mór go ndéantar modúil ar gach cúrsa oiliúna maidir le timpeallachtaí ionchuimsitheacha inrochtana a chabhródh le gach scoláire bláthú ar scoil. Ina measc:
    - cleachtais néaraidhearfacha i dtaobh na foghlama agus na tacíoachta
    - seomraí ranga a thacaíonn leis na céadfaí agus le foghlaim agus folláine gach scoláire
- Cumarsáid ionchuimsitheach do gach scoláire - Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (AAC), teicneolaíochtaí cúnta, tacaíochtaí amhairc, agus na hacmhainní atá ar fáil sna réimsí uile seo as Gaeilge
- cóid iompair cearta-bhunaithe agus pháiste-lárnacha a thógann an néaraéagsúlacht san áireamh
- cleachtais a thacaíonn le haistrithe
- Ba chóir oiliúint a chur ar fáil a chabhródh le múinteoirí disléicse agus deacrachtaí litearthachta a aithint i measc daltaí dátheangacha agus daltaí atá ag foghlaim na Gaeilge i suíomh tumoideachais ag stad luath, mar aon le hoiliúint ar idirghabhálacha cuí do léitheoireacht na Gaeilge (Barnes 2017).

## Ceangail idir na leibhéil

Molann Gaeloideachas go mbunófar naisc bhreise chórasacha phleanáilte idir múinteoirí bunscoile agus múinteoirí an luath oideachais faoi oiliúint, mar aon leis na baill foirne acadúla atá ag plé leis an dá ghrúpa, le cinntiú go bhfuil contanaim foghlama ann do na páistí agus go bhfuil tuiscint mhéadaithe ar obair a chéile, a gcuid cleachtas gairmiúil, mar aon le breis comhoibre is dea-chleachtais i dtaobh an phróisis aistrithe idir na leibhéil. Molann Gaeloideachas amhlaidh idir múinteoirí bunscoile agus múinteoirí iar-bhunscoile.